# I mbrat an bhrollaigh ghil-se

[Tomás Ó Rathile: *Dánta Grádha* no. 14]

Fearchar Ó Maoilchiaráin

1 I mbrat an bhrollaigh ghil-se
ní bhiadh an dealg droighin-se,
dá mbeith, a Mhór bhéildearg bhinn,
an éindealg d'ór i nÉirinn.

2 San mbrat-sa níor chóir do chur
acht dealg d'fhionndruine uasal,
nó dealg iongantach d'ór cheard,
a Mhór bhionnfhoclach bhéildearg.

3 A fholt lag ar lí an ómra,
a chur id bhrat bhreacórdha,
a stuaigh chobhsaidh nár chealg fear,
níor chosmhail dealg don droighean.

4 Níor churtha, a chnú mo chroidhe,
id bhrat eangach iolbhuidhe,
a ghruaidh dhearg do-ghéabhadh geall,
acht dealg do-ghéanadh Gaibhneann.

5 A ghruadh chorcra do char mé,
gan dealg óir acht an uair-se
ar feadh na huaire, a ghlac ghlan,
do bhrat uaine do b'annamh.